



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2015

Scéim Mharcála

Gaeilge

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéisí foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Páipéar I (160 marc)

Cuid I: Cluastuiscint (60 marc)

$$\begin{aligned} \text{Tuiscint} &= 60 \text{ marc} \\ \text{Cumais Gaeilge} &= - (0-3) \text{ mharc} \\ \text{Iomlán} &= \end{aligned}$$

Cuid A: 18 marc (Eolas)

Fógra 1: $2 \text{ mharc} \times 5 = 10 \text{ marc}$

Fógra 2: $2 \text{ mharc} \times 4 = 8 \text{ marc}$

$10 + 8 = \underline{18 \text{ marc}}$

Cuid B: 28 marc (Eolas)

Comhrá 1: $2 \text{ mharc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$

Comhrá 2: $2 \text{ mharc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$

$14 + 14 = \underline{28 \text{ marc}}$

Cuid C: 14 mharc (Eolas)

Píosa 1: $2 \text{ mharc} \times 4 = 8 \text{ marc}$

Píosa 2: $2 \text{ mharc} \times 3 = 6 \text{ mharc}$

$8 + 6 = \underline{14 \text{ mharc}}$

Bainfeadh ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	10 marc
Cuid A, Fógra 2	8 marc
Cuid B, Comhrá 1	14 mharc
Cuid B, Comhrá 2	14 mharc
Cuid C, Píosa 1	8 marc
Cuid C, Píosa 2	6 mharc
Iomlán	60 marc

Eolas	60 marc
Gaeilge	- (0-3)
Móriomlán	

Triail Chluastuisceana

Téipscript

CUID A

Fógra 1 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó **Raidió Fáilte**. Cuirfear tús le clár nua ar Raidió Fáilte ar an dara lá déag de Bhealtaine. **An Seomra Ceoil** an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Beidh an clár nua ar siúl ar leathuair tar éis a seacht tráthnóna Dé hAoine. Clár popcheoil do dhéagóirí a bheidh ann. Ar an gclár, cloisfear na hamhráin is deireanaí ó na cairteacha. Chomh maith leis sin, beidh plé ar na réaltaí móra popcheoil agus ar na féilte ceoil timpeall na tíre. Beidh comórtas seachtainiúil ar an gclár freisin. Éisteacht ar bith a sheolann téacs isteach leis an bhfreagra ceart, beidh seans aige duais a bhuan. Ar na duaiseanna a bhronnfar gach seachtain, beidh ticéid chuig ceolchoirmeacha agus T-léinte. Bígí ag éisteacht linn.

Fógra 2 (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó **Oideas Gael**. Cuirfidh **Oideas Gael** cúrsa Gaeilge agus cultúir ar siúl do dhaoine fásta an samhradh seo. Mairfidh an cúrsa seo seachtain. Is i nGleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall a bheidh an cúrsa ar siúl. Tosóidh an cúrsa ar an gcúigiú lá is fiche de Lúnasa. Ar maidin, beidh ranganna ar siúl i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Beidh raon leathan imeachtaí ar siúl i ndiaidh na ranganna: péintéireacht, amhránaíocht, léamh filíochta agus siúlóidí ar an sliabh, mar shampla. €240 an costas a bheidh air. Tá gach eolas faoin gcúrsa seo le fáil ó Oideas Gael ag an uimhir 074 93 02 85.

CUID B

Comhrá 1 (Canúint Uladh)

An Chéad Mhír

Cáit: Haigh, a Dhónaill. Chuala mé dea-scéal faoi do scoil.

Dónall: Ó sea, a Cháit, fuairéamar an Bhratach Ghlas trí seachtaine ó shin. Éacht a bhí ann, cinnte. Muidne an chéad scoil dara leibhéal sa chontae seo a fuair an Bhratach Ghlas.

Cáit: Comhghairdeas libh. Cad go díreach a rinne sibh?

Dónall: Chuireamar feachtas ar siúl a mhair dhá bhliain. Bhí dhá thoradh ar an bhfeachtas: tá níos lú bruscair thart faoin scoil anois agus déanaimid níos mó athchúrsála.

Cáit: Conas a d'éirigh libh é sin a bhaint amach?

Dónall: Ar dtús, chuireamar Coiste Glas ar bun. Bhí scoláire amháin as gach rang ar an gcoiste sin. Ansin rinneamar plean gníomhaíochta don scoil. Bhí duais speisialta againn uair gach téarma don rang a rinne an iarracht ab fhearr chun an plean a chur i bhfeidhm.

An Dara Mír

- Cáit:** Is iontach an rud an athchúrsáil. Níl a fhios agam cén fáth nach rabhamar go léir ag athchúrsáil earraí i bhfad roimhe seo.
- Dónall:** Is féidir an-chuid rudaí a athchúrsáil sa lá atá inniu ann, a Cháit. Sa scoil againne, mar shampla, rinneamar buidéal phlaisteacha, cannaí agus páipéar a athchúrsáil. D'éirigh linn laghdú mór a dhéanamh ar na málaí bruscair a bhí á dtabhairt díreach go dtí an t-ionad dumpála.
- Cáit:** Iontach ar fad. Bíonn tionchar maith ag an bhfeachtas glas ar na scoláirí gan dabht. Cuireann sé ag smaoineamh iad ar an timpeallacht, ar an athrú aeráide agus ar théamh an domhain. Inis dom, an bhfuil aon phlean ag an gCoiste Glas chun aon athrú eile a dhéanamh ar scoil?
- Dónall:** Cinnte, tá plean againn. Beimid ag iarraidh leictreachas agus teas a shábháil sa scoil an bhliain seo chugainn. Tá táillí móra le híoc orthu sin faoi láthair.
- Cáit:** Ó, a Dhónaill, ná luaigh an focal 'táillí' in ainm Dé. Táim cráite ag éisteacht leis an gcaint ar fad faoi na táillí uisce atá le híoc anois.
- Dónall:** Sea, a Cháit. Ní maith le haon duine na táillí uisce.

Comhrá 2 (Canúint na Mumhan)

An Chéad Mhír

- Dáithí:** Conas atá tú, a Orla? Ní fhaca mé thú in aon chor an samhradh seo. Cá raibh tú?
- Orla:** Bhí mé ar saoire san Astráil, a Dháithí. Chaith mé féin agus mo thuismitheoirí sé seachtaine ann. Bhaineamar an taitneamh as an turas.
- Dáithí:** Ó, go hiontach. An bhfuil gaolta agat san Astráil?
- Orla:** Tá mo dheartháir Seán agus uncail liom ina gcónaí amuigh ansin.
- Dáithí:** Cén fáth a ndeachaigh siad go dtí an Astráil? Nach raibh siad sásta anseo in Éirinn?
- Orla:** Cúrsaí oibre ba chúis leis an mbeirt acu imeacht. D'imigh m'uncail sna hochtóidí nuair a chaill sé a phost. D'imigh Seán anuraidh mar bhí sé míshásta leis an obair a bhí aige.

An Dara Mír

- Dáithí:** Cad a dhéanann d'uncail san Astráil anois?
- Orla:** Is tógálaí é.
- Dáithí:** Agus do dheartháir, Seán? Nach raibh seisean ag obair leis na ríomhairí sular imigh sé?
- Orla:** Bhí. Ach shocraigh sé imeacht. Tá sé ag obair san Astráil anois agus tá saol níos fearr aige ansin. Faigheann sé pá níos airde ansin agus tá an costas maireachtála níos ísle freisin.

- Dáithí:** An bhfillfidh siad ar Éirinn, meas tú?
- Orla:** Ní fhillfidh m'uncail. Tá sé pósta amuigh ann agus tá beirt pháistí aige.
- Dáithí:** Ach fillfidh Seán, nach bhfillfidh?
- Orla:** Is dóigh liom go bhfillfidh. Tá sé ag siúl amach le cailín as Cill Dara, agus ba mhaith léi siúd socrú síos anseo in Éirinn. An taithí oibre atá á fáil ag Seán san Astráil, cabhróidh sí leis post maith a fháil nuair a fhillfidh sé.
- Dáithí:** Beidh gach rud ag brath ar an ngeilleagar, dar ndóigh. Cé go bhfuil feabhas le brath ar chúrsaí in Éirinn anois, tá dhá fhadhb fós againn: tá an ráta dífhostaíochta ard agus tá fiacha troma ar dhaoine.
- Orla:** Tá an ceart agat. Neosfaidh an aimsir.

Cuid C

Píosa 1 (Canúint Chonnacht)

Beidh Éirí Amach na Cásca in 1916 á chomóradh an bhliain seo chugainn. Beidh cuid de na himeachtaí ar siúl ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc i gConamara. Chaitheadh Pádraig Mac Piarais an samhradh ansin sna blianta díreach roimh an Éirí Amach. Agus é ar saoire i gConamara, bhíodh sé ag scríobh, ag cur feabhais ar a chuid Gaeilge agus ag pleanáil don Éirí Amach. Bíonn an teach ar oscailt do chuireoirí óna deich a chlog ar maidin go dtí a sé a chlog tráthnóna gach lá i rith an tsamhraidh. Tá sé i gceist ag an Rialtas ionad oidhreachta a thógáil taobh leis an teach in am don chomóradh.

Píosa 2 (Canúint Uladh)

Tá seirbhís nuachta trí Ghaeilge ar fáil ar líne anois. *Tuairisc.ie* an t-ainm atá ar an tseirbhís idirlín seo. Cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Is nuachtán ar líne é *Tuairisc.ie*. Tá an tseirbhís seo ag freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in Éirinn agus ar chainteoirí Gaeilge thar lear. Tá scéalta de gach saghas le fáil ar an tseirbhís seo: cúrsaí reatha, spórt, cultúr agus oideachas, mar shampla. Tá oifigí *Tuairisc.ie* suite i mBearna, Contae na Gaillimhe, mar tá córas ardluais leathanbhanda ar fáil ann. Céim eile chun tosaigh atá sa tseirbhís seo a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar na meáin nua-aoiseacha.

Cuid A (18 marc)

FÓGRA A hAON (10 marc)

1. (a) Cén t-ainm atá ar an stáisiún raidió atá luaite san fhógra?
Raidió Fáilte **2 mharc**
- (b) Cén dáta a bheidh an clár nua ag tosú?
An dara lá déag de Bhealtaine = 2 mharc **2 mharc**
12 Bealtaine = 2 mharc
12/5 = 2 mharc
Bealtaine = 0
2. (a) Cén t-am tráthnóna Dé hAoine a bheidh an clár nua ar siúl?
Ar leathuair tar éis a seacht = 2 mharc
7.30 = 2 mharc
7.30 p.m. = 2 mharc **2 mharc**
- (b) Luaigh ábhar **amháin** a bheidh á phlé ar an gclár nua.
Réaltaí (móra) popcheoil = 2 mharc
Réaltaí ceoil = 1 mharc
Popcheol = 1 mharc
Féilte ceoil (timpeall na tíre) = 2 mharc
Féilte = 1 mharc **2 mharc**
3. Cad a bheidh le déanamh ag éisteoir chun seans a bheith aige duais a bhuachan ar an gclár nua? **2 mharc**
- Seol téacs isteach leis an bhfreagra (ceart) = 2 mharc
Seol téacs le freagra = 1 mharc
Ceist a fhreagairt = 1 mharc
Téacs a sheoladh = 1 mharc

FÓGRA A DÓ (8 marc)

1. (a) Cén cúrsa a chuirfidh Oideas Gael ar siúl do dhaoine fásta? **2 mharc**
- Cúrsa Gaeilge agus cultúir = 2 mharc
Cúrsa Gaeilge = 1 mharc
Cúrsa cultúir = 1 mharc
- (b) Cá mbeidh an cúrsa ar siúl? **2 mharc**
- I nGleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall = 2 mharc
I nGleann Cholm Cille = 2 mharc
Co. Dhún na nGall = 1 mharc

2. Luaigh imeacht **amháin** a bheidh ar siúl i ndiaidh na ranganna. **2 mharc**
- Péintéireacht = 2 mharc
 Amhránaíocht = 2 mharc
 Léamh filíochta = 2 mharc
 Siúlóidí ar an sliabh = 2 mharc
 Léamh = 1 mharc
 Siúlóidí = 1 mharc
3. Cén uimhir theileafóin atá ag Oideas Gael? **2 mharc**
- 074 93 02 85 = 2 mharc

Cuid B (28 marc)

COMHRÁ A hAON (14 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cad a fuair scoil Dhónaill trí seachtaine ó shin? **2 mharc**
- An Bhratach Ghlas = 2 mharc
 Bratach / brat = 1 mharc
 Brat glas = 2 mharc
2. Luaigh an **dá** thoradh a bhí ar an bhfeachtas i scoil Dhónaill. **2 mharc + 2 mharc**
- (i) Níos lú bruscair (thart faoin scoil anois) = 2 mharc
 (ii) Níos mó athchúrsála = 2 mharc
 Athchúrsáil = 1 mharc
3. Cé chomh minic is a bhí duais speisialta ann? **2 mharc**
- Uair gach téarma = 2 mharc
 Gach téarma = 2 mharc

An Dara Mír

1. Cuireann an feachtas seo na scoláirí ag smaoineamh ar rudaí áirithe, dar le Cáit. Scríobh síos ceann **amháin** de na rudaí sin. **2 mharc**
- An timpeallacht = 2 mharc
 An t-athrú aeráide / athrú aeráide = 2 mharc
 Téamh an domhain = 2 mharc
 Aeráid = 1 mharc
 Téamh = 0

2. Cén plean atá ag scoil Dhónaill don bhliain seo chugainn? **2 mharc**

Leictreachas a shábháil = 2 mharc

Teas a shábháil = 2 mharc

3. Cén fáth a bhfuil Cáit cráite? **2 mharc**

Ag éisteacht (leis an gcaint ar fad) faoi na táillí uisce = 2 mharc

Caint faoi na táillí uisce = 2 mharc

Ag éisteacht le caint = 1 mharc

COMHRÁ A DÓ (14 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cá fhad a chaith Orla agus a tuismitheoirí san Astráil? **2 mharc**

Sé seachtaine = 2 mharc

2. Cé hiad na gaolta de chuid Orla atá ina gcónaí san Astráil? **2 mharc**

1 mharc + 1 mharc

A deartháir (Seán) = 1 mharc

A huncaíl = 1 mharc

Seán = 0

3. Cén fáth ar imigh Seán go dtí an Astráil anuraidh? **2 mharc**

Cúrsaí oibre = 2 mharc

Obair = 1 mharc

Bhí sé míshásta leis an obair a bhí aige = 2 mharc

Bhí sé míshásta = 1 mharc

An Dara Mír

1. Luaigh **dhá** chúis a bhfuil saol níos fearr ag Seán san Astráil, dar le hOrla. **2 mharc + 2 mharc**

(i) Faigheann sé pá níos airde ansin = 2 mharc

Pá níos airde = 2 mharc

An pá = 1 mharc

Post / obair níos fearr = 1 mharc

(ii) Tá an costas maireachtála níos ísle = 2 mharc

Costas maireachtála = 1 mharc

Costas níos ísle = 1 mharc

2. Cad as do chailín Sheáin? **2 mharc**
Cill Dara = 2 mharc
3. Scríobh síos fadhb **amháin** atá fós againn in Éirinn, dar le Dáithí. **2 mharc**
Tá an ráta dífhostaíochta ard = 2 mharc
An ráta dífhostaíochta = 2 mharc
Dífhostaíocht = 1 mharc
Tá fiacha troma ar dhaoine = 2 mharc
Na fiacha troma = 2 mharc
Na fiacha = 1 mharc

Cuid C (14 mharc)

PÍOSA A hAON (8 marc)

1. Cad a bheidh á chomóradh an bhliain seo chugainn? **2 mharc**
Éirí Amach na Cásca 1916 = 2 mharc
Éirí Amach na Cásca = 2 mharc
Éirí Amach 1916 = 2 mharc
100 bliain an Éirí Amach = 2 mharc
Éirí Amach = 1 mharc
2. Luaigh **dhá** rud a bhíodh ar siúl ag Pádraig Mac Piarais agus é ar saoire i gConamara. **2 mharc + 2 mharc**
Ag scríobh = 2 mharc
Ag cur feabhais ar a chuid Gaeilge = 2 mharc
Ag pleanáil don Éirí Amach = 2 mharc
Ag pleanáil = 0
3. Cad atá i gceist ag an Rialtas a thógáil taobh le Teach an Phiarsaigh? **2 mharc**
Ionad Oidhreachta = 2 mharc
Ionad = 1 mharc

PÍOSA A DÓ (6 mharc)

1. Cá bhfuil fáil ar an tseirbhís nuachta trí Ghaeilge a luaitear sa phíosca seo? **2 mharc**
Ar líne = 2 mharc
Ar an idirlíon = 2 mharc
Ar Thuairisc.ie = 2 mharc

2. Cén t-ainm atá ar an tseirbhís nuachta seo? **2 mharc**

Tuairisc.ie = 2 mharc

3. Cén fáth a bhfuil oifigí na seirbhíse seo suite i mBearna, Co. na Gaillimhe? **2 mharc**

Tá córas ardluais leathanbhanda ar fáil ann = 2 mharc

Córas leathanbhanda = 1 mharc

Leathanbhanda = 1 mharc

Córas ardluais = 0

Léirigh na marcanna mar seo ar chlúdach na Cluastuisceana:

EOLAS (60) =

GAEILGE (0 - 3) =

MÓRIONLÁN (60) =

3 Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

- A. Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise
- B. Scéal
- C. Díospóireacht / Óráid

An Mharcáil:

Iarracht iomlán = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar ad rem agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

3 chéim sa mharcáil:

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

An Grádú / An Measúnú	An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh gráid de?
An Fo-ghrád	Socraigh an fo-ghrád: ard / meánach / íseal
An Marc	Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don fho-ghrád.

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

Stíl (5) =

Ábhar (15) =

Gaeilge (80) = _____

CII (100) =

Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc):

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

Ionramháil Ábhair (15 mharc):

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis a bhaineann le hábhar theideal na ceapadóireachta.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách)	A	13, 14, 15
Ionramháil an-mhaith	B	11, 12
Ionramháil mhaith	C	9, 10
Ionramháil mheasartha	D	6, 7, 8
Ionramháil lag / bhearnach	E	3, 4, 5
Ionramháil an-lag (easnamhach)	F / NG	0, 1, 2

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair lag ní féidir na smaointe a chur i láthair go héifeachtach. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á grádú.

Cumas Gaeilge (80 marc)

- (i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra
agus
- (ii) Beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

Dhá ghné i gceist sa Chumas Gaeilge:

Stór Gaeilge agus dul na teanga	Beachtas / Cruinneas na Gaeilge
<ul style="list-style-type: none">• Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí	Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge: <ul style="list-style-type: none">• Aimsirí na mbriathra• Litriú• Séimhiú• Urú• An Chlaoninsint• Réamhfhocail• Díochlaontaí na n-ainmfhocal

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir mórbhotúin chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí / litrithe.

Cuimhnigh ar an treoir seo ón scrúdpháipéar:

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge.

Aicme	(1) Stór Gaeilge (2) Beachtas / Cruinnúsáid	Grád	Grád Raon
A	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas an-mhaith ar fad / sármhaith (2) Cruinneas an-mhaith ar fad / sármhaith (den chuid is mó)	A ard A meánach A íseal	76-80 marc 72-75 marc 68-71 marc
B	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas an-mhaith (2) Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)	B ard B meánach B íseal	64-67 marc 60-63 marc 56-59 marc
C	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas maith (2) Cruinneas maith (den chuid is mó)	C ard C meánach C íseal	52-55 marc 48-51 marc 44-47 marc
D	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas measartha (2) Cruinneas measartha (den chuid is mó)	D ard D meánach D íseal	40-43 marc 36-39 marc 32-35 marc
E	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas lag (2) Cruinneas lag (den chuid is mó)	E ard E meánach E íseal	28-31 marc 24-27 marc 20-23 marc
F agus N/G	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas an-lag (2) Cruinneas an-lag (den chuid is mó)	F ard F meánach F íseal N/G ard N/G íseal	16-19 marc 12-15 marc 8-11 marc 4-7 marc 0-3 marc

Páipéar II (200 marc)

Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Treoracha do mharcáil na léamhthuisceana

LÉAMHTHUISCINT: A agus B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag dul ar chuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuisicint tá **trí** mharc ar fáil as dhá mhír ghramadaí a aithint; tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag dul ar Cheist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. I gceist 6 (b) sa LT ní féidir marcanna arda a bhronnadh más léir nach bhfuil tuiscint ag an iarrthóir ar an bpíosa. Déanann ceist 6 (b) sa dá Léamhthuisicint tástáil ar thuiscint an iarrthóra ar ábhar an tsleachta. Tabharfar eolas breise faoi 6 (b) sna nótaí thíos ar an dá Léamhthuisicint.

Cuir an marc iomlán do gach focheist sa cholún ar dheis sa fhreagarleabhar.

Léamhthuisicint A – 50 marc

Cuir Comhairle ar an Óige

1. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi na ceannairí óga a bhailigh le chéile ag comhdháil OYW i mBaile Átha Cliath in 2014. (Alt 1)
(2 phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe atá ceart = 2 mharc; an dara pointe atá ceart = 1 mharc

- Bhailigh míle trí chéad ceannaire óg ó thíortha as gach cearn den domhain. (Tá 2 phointe eolais anseo) = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc
- Bhailigh siad ó thíortha as gach cearn den domhan le chéile (pointe amháin eolais)
- Bhí na ceannairí óga seo idir ocht mbliana déag agus tríocha bliain d’aois (pointe amháin eolais)

- (b) (i) Cén deis a thugann an chomhdháil bhliantúil do na ceannairí óga? (Alt 1)
(pointe amháin) {2 mharc}

- Tugann an chomhdháil bhliantúil deis do na ceannairí óga bualadh le chéile chun na dúshláin atá roimh óg agus aosta ar fud an domhain a phlé = 2 mharc
- Tugann an chomhdháil bhliantúil deis do na ceannairí óga bualadh le chéile = 1 mharc

- (b) (ii) Scríobh síos **dhá** cheist dhomhanda a pléadh ag na comhdhálacha éagsúla. (Alt 1)
(2 mharc)
(2 cheist dhomhanda) {1 mharc + 1 mharc}

- An t-oideachas
- Cearta daonna
- An téamh domhanda
- An éagothroime idirnáisiúnta
- An tsíocháin
- An choimhlint

2. (a) Cad iad na hathruithe a chonaic Kate Robertson i ndiaidh ré an Apartheid san Afraic Theas? (Alt 2)
(2 athrú) {2 mharc + 1 mharc}

An chéad athrú atá ceart = 2 mharc; an dara hathrú atá ceart = 1 mharc

- An t-athmhuintearas nua ina tír dhúchais = athrú amháin
- Na ciníocha uile ag teacht le chéile chun saol nua a chruthú don phobal go léir (Tá 2 athrú san abairt seo) = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc
- An t-athmhuintearas nua ina tír dhúchais agus na ciníocha uile ag teacht le chéile = athrú amháin

- (b) (i) Cad a chreideann Robertson agus Jones faoin aos óg? (Alt 2)
{2 mharc}

- Creideann Robertson agus Jones nach mór don aos óg comhoibriú le chéile má tá saol níos cothroime le cur chun cinn ar fud an domhain = 2 mharc
- Creideann Robertson agus Jones nach mór don aos óg comhoibriú le chéile = 1 mharc

(b) (ii) Cén moladh a thugann David Jones do chuideachtaí? (Alt 2)

{2 mharc}

- Molann sé do chuideachtaí leas a gcuid **oibrithe** agus a gcuid **custaiméirí** a chur chun tosaigh ar an mbrabús = 2 mharc
- Molann sé do chuideachtaí leas a gcuid **oibrithe** a chur chun tosaigh ar an mbrabús = 1 mharc
- Molann sé do chuideachtaí leas a gcuid **custaiméirí** a chur chun tosaigh ar an mbrabús = 1 mharc

3. (a) Ní mór do na hiarratasóirí critéir áirithe a shásamh le freastal ar chomhdháil OYW. Scríobh síos **dhá** cheann de na critéir sin. (Alt 3)

(2 chritéar) {2 mharc + 1 mharc}

Dhá cheann as na critéir seo a leanas:

- Scileanna ceannaireachta (a léiriú)
- Tiomantas don obair bhuíne
- Suim i gceisteanna domhanda
- A thaispeáint go ndéanann siad obair dheonach

(b) (i) Luaigh rud **amháin** a dhéanann na Comhairleoirí ag na comhdhálacha. (Alt 3)

(rud **amháin**) {2 mharc}

Rud amháin as na rudaí seo a leanas:

- Éisteanann na Comhairleoirí le díospóireachtaí (na dtoscairí óga)
- Roinneann siad a dtaithí féin orthu
- Cuidíonn siad leis na toscairí a gcuid moltaí a thabhairt chun barr feabhais

(b) (ii) Cad a d'impigh Mary Robinson ar na toscairí óga a dhéanamh? (Alt 3)

{2 mharc}

- Ról gníomhach a ghlacadh san fheachtas chun an t-athrú aeráide a stopadh = 2 mharc

4. (a) Cad a dhéanann Ambasadóirí de chuid OYW nuair a fhillteann siad abhaile i ndiaidh na gcomhdhálacha? (Alt 4)

(2 phointe eolais) {2 mharc + 1 mharc}

- Cuireann cuid acu obair fhóna ar bun ina dtíortha féin
- Glacann go leor eile acu páirt in obair atá ar siúl cheana

(b) (i) Cén socrú ata déanta ag an eagraíocht *Foodcloud* leis na hollmhargaí? (Alt 4)

{2 mharc}

- Nach gcaithfear amach bia atá fós úr agus inúsáidte ag deireadh an lae ach go dtabharfar é do dhaoine atá ar an ngannchuid = 2 mharc
- Nach gcaithfear amach bia atá fós úr agus inúsáidte ag deireadh an lae = 1 mharc

(b) (ii) Scríobh síos toradh **amháin** a bhíonn ar obair *Foodcloud*. (Alt 4)

(toradh **amháin**) {2 mharc}

- Gearrann obair *Foodcloud* siar ar an méid bia a chaitear amach = 2 mharc

nó

- Faigheann na bochtáin cabhair riachtanach = 2 mharc

5. (a) Luaigh **dhá** rud a dúirt Yeonmi Park faoin rialtas sa Chóiré Thuaidh le linn a hóige. (Alt 5) (2 rud) {2 mharc + 1 mharc}

- Rinne sí cur síos ar an **rialtas éagórach** a raibh **diansmacht** acu ar an tír (2 rud san abairt seo) = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc
- Labhair sí faoin gcosc a bhí ar gach meán cumarsáide sa Chóiré Thuaidh nach raibh údarás an rialtais aige.

- (b) (i) Cad a léirigh na scannáin ón iarthar do mhuintir na Cóiré Thuaidh? (Alt 5) {2 mharc}
(2 phointe eolais) {1 mharc + 1 mharc}

- Léirigh na scannáin seo dóibh go raibh **saol difriúil** agus **saoirse** ann lasmuigh den Chóiré Thuaidh = 2 mharc

- (b) (ii) Cén rud a bhfuil Yeonmi ag súil leis? (Alt 5) (pointe amháin eolais) {2 mharc}

- Go mbeidh deireadh leis an bhfulaingt lá éigin = 2 mharc
- Go mbeidh saoirse ag a muintir = 2 mharc
- Beidh sí ábalta filleadh abhaile = 2 mharc

6. (a) Aimsigh sampla d'ainmfhocal firinsneach sa ghinideach uatha in Alt 1 agus sampla de bhriathar san Aimsir Láithreach in Alt 5. {2 mharc + 1 mharc}

Tá **trí** mharc ar fáil as dhá mhír ghramadaí a aithint; tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla d'ainmfhocal firinsneach sa ghinideach uatha in Alt 1 = ...Átha; ... an domhain; ...réimse

Sampla de bhriathar san Aimsir Láithreach in Alt 5 = Tá; Is

- (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, an eagraíocht mhaith í an eagraíocht OYW, dar leat? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra agus bíodh sampla amháin as an sliocht mar thacaíocht le gach cúis a luann tú. (Bíodh an freagra **i d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

Tuairim (2) ► **2 mharc**

Cúis 1 (2 mharc) + Sampla 1 (3 mharc) ► **5 mharc**

Cúis 2 (2 mharc) + Sampla 2 (3 mharc) ► **5 mharc**

T =

C (1) + S (1) =

C (2) + S (2) =

Treoir:

- Ní mór do na hiarrthóirí an cheist seo a fhreagairt ina gcuid focal féin. (Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar.)
- Ní féidir glacadh le cúiseanna agus le samplaí mura bhfuil tuairim luaite faoin eagraíocht.

Ag bun Léamhthuisicint A, léirigh na marcanna mar seo:

C1A (50) =

Léamhthuisicint B – 50 marc

Cruachás na ndaoine gan dídean

1. (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin gcéad Luan de mhí na Nollag. (Alt 1)
(2 phointe eolais) {2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara ceann atá ceart = 1 mharc

- *Cyber Monday* a thugann a lán daoine ar an gcéad Luan de mhí na Nollag anois.
- Deirtear gurb é an lá is mó siopadóireacht ar líne (sa bhliain) é.

- (b) (i) Cad a dúradh sna tuairiscí faoi chruachás na ndaoine gan dídean in 2014?
(Alt 1) (pointe **amháin**) {2 mharc}

- Bhí an fhadhb níos measa in 2014
- Ní raibh sí teoranta do Bhaile Átha Cliath
- Chaithfí dul i ngleic léi agus aimsir chrua an gheimhridh romhainn

- (b) (ii) Cén fáth a raibh na tráchtáirí ag rá go raibh feabhas ag teacht ar gheilleagar na tíre?
(Alt1) (pointe **amháin**) {2 mharc}

- An dífhostaíocht ag dul i laghad = 2 mharc
- Cuideachtaí ag neartú arís = 2 mharc
- Siopaí ag déanamh brabúis = 2 mharc

2. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais a bhí le fáil sa suirbhé a rinneadh oíche an 11 Samhain.
(Alt 2) (2 phointe eolais) {2 mharc + 1 mharc}

An dá phointe eolais seo:

- Fuarthas amach go raibh céad seasca is a hocht nduine ina gcodladh amuigh ar shráideanna na hardchathrach. Ba é sin an líon ba mhó le seacht mbliana anuas = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc
(Tá an dara habairt inghlactha mar phointe eolais má bhíonn an chéad phointe leis.
Mura mbíonn sa fhreagra ach an dara habairt, bronn 0 ar an abairt seo ina haonar.)

- (b) (i) Cé a bhí i láthair ag an gcruinniú speisialta a d'eagraigh an Rialtas? (Alt 2)
(2 ghrúpa ag teastáil) {1 mharc + 1 mharc}

Dhá ghrúpa as na grúpaí seo a leanas:

- Polaiteoirí
- Ionadaithe ó na húdaráis áitiúla
- Ionadaithe ó na heagraíochtaí carthanachta

(b) (ii) Cén gheallúint a thug an Rialtas ag an gcruinniú sin? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Gheall an Rialtas go gcuirfí fiche milliún euro ar fáil chun dídean éigeandála a chur ar fáil do dhuine ar bith a bheadh á hiarraidh le linn shéasúr na Nollag = 2 mharc
- Gheall an rialtas go gcuirfí fiche milliún euro ar fáil = 0

3. (a) Luaigh **dhá** rud a tharlaíonn uaireanta sa teaghlach agus a fhágann duine gan dídean. (Alt 3) **(2 rud) {2 mharc + 1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

Dhá rud as na rudaí seo a leanas:

- Titeann daoine amach lena muintir
- Teipeann ar chleamhnas nó ar phósadh
- B'fhéidir go mbíonn foréigean ann
- Tarlaíonn eachtra thubaisteach gan choinne
- Cailleann duine a phost (agus bíonn fadhbanna airgid ann dá bharr sin)
- Bíonn meabhairghalar ar dhuine
- Bíonn fadhbanna drugaí nó alcóil ag cuid de na daoine

(b) (i) Cén fáth a dtiteann saol duine as a chéile uaireanta nuair a bhíonn meabhairghalar air? (Alt 3) **(pointe amháin) {2 mharc}**

- Titeann an saol as a chéile cheal seirbhísí a chabhródh leis = 2 mharc

(b) (ii) Cén fáth a bhfuil dídean éigeandála de dhíth anois ar theaghlaigh iomlána? (Alt 3) **(pointe amháin) {2 mharc}**

- Tá go leor teaghlach ann anois nach bhfuil an teacht isteach acu a thuilleadh chun an morgáiste nó an cíos a íoc = 2 mharc
- Tá go leor teaghlach ann anois nach bhfuil an teacht isteach acu a thuilleadh = 0

4. (a) Cabhraíonn eagraíochtaí carthanachta ar bhealaí praiticiúla le daoine gan dídean. Luaigh **dhá** cheann de na bealaí sin. (Alt 4) **(2 cheann) {2 mharc + 1 mharc}**

An chéad cheann atá ceart = 2 mharc; an dara ceann atá ceart = 1 mharc

- Dáileann siad bia ar dhaoine a mbíonn bia uathu
- Cuireann siad lóistín sealadach ar fáil

(b) (i) Cén fáth ar bunaíodh an Peter McVerry Trust? (Alt 4) **{2 mharc}**

- (Bunaíodh an Peter McVerry Trust) chun cabhrú le daoine óga nach mbíonn aon áit chónaithe acu = 2 mharc
- Bunaíodh an Peter McVerry Trust chun cabhrú le daoine óga = 0

(b) (ii) Luaigh rud **amháin** a deir an tAthair Peter McVerry faoi na hógánaigh. (Alt 4)
(rud **amháin**) {2 mharc}

- Bíonn na hógánaigh seo ar bheagán oideachais = 2 mharc
- Bíonn a bhféinmhuinín agus a bhféinmheas an-íseal = 2 mharc
- Bíonn a bhféinmhuinín an-íseal = 2 mharc
- Bíonn a bhféinmheas an-íseal = 2 mharc
- Is minic a chasann siad ar na drugaí (le faoiseamh a fháil ó chruatan an tsaoil) = 2 mharc

5. (a) Luaigh **dhá** bheartas atá i straitéis an Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2013. (Alt 5)
(2 bheartas) {2 mharc + 1 mharc}

An chéad bheartas atá ceart = 2 mharc; an dara beartas atá ceart = 1 mharc

- Cuirfear níos mó ionad cónaithe ar fáil ar phraghas réasúnta do theaghlaigh
- Ardófar an forlíonadh cíosa
- Cuirfear le méid na tithíochta sóisialta

(b) (i) Faigheann daoine áirithe locht ar straitéis an Rialtais. Cad a mholann siad siúd?
(Alt 5) (pointe **amháin**) {2 mharc}

- Molann siad gur chóir díriú ar na ceantair ina bhfuil na fadhbanna sóisialta is measa agus breis acmhainní a chur ar fáil dóibh = 2 mharc
- Molann siad gur chóir díriú ar na ceantair ina bhfuil na fadhbanna sóisialta is measa = 1 mharc

(b) (ii) Cén aidhm de chuid Fhorógra na Poblachta a luann an t-údar? (Alt 5)
{2 mharc}

- An féidir linn a rá go fírinneach go bhfuilimid ag geallúint ‘cearta cothroma agus deiseanna cothroma’ do gach saoránach in Éirinn? = 2 mharc
- An féidir linn a rá go fírinneach go bhfuilimid ag geallúint ‘cearta cothroma’ do gach saoránach in Éirinn? = 2 mharc
- An féidir linn a rá go fírinneach go bhfuilimid ag geallúint ‘deiseanna cothroma’ do gach saoránach in Éirinn? = 2 mharc
- An féidir a rá go fírinneach go bhfuilimid ag geallúint ‘cearta cothroma agus deiseanna cothroma’? = 0

6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5.
{2 mharc + 1 mharc}

Tá **trí** mharc ar fáil as dhá mhír ghramadaí a aithint; tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 = rinneadh; fuarthas

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5 = cuirfear; ardófar; beifear

(b) Cén cineál (*genre*) scríbhneoireachta lena mbaineann an sliocht seo? Luaigh **dhá** thréith a bhaineann leis an gcineál seo scríbhneoireachta. Aimsigh sampla **amháin** de gach ceann den **dá** thréith sin sa sliocht. (Bíodh an freagra **i d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

Cineál (*genre*) scríbhneoireachta = 2 mharc C(2) =
Tréith 1 (2 mharc) + Sampla 1 (3 mharc) ► 5 mharc T1 (2) + S1 (3) =
Tréith 2 (2 mharc) + Sampla 2 (3 mharc) ► 5 mharc T2 (2) + S2 (3) =

Treoir:

- Ní mór do na hiarrthóirí an cheist seo a fhreagairt ina gcuid focal féin. (Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar.)
- Gan an cineál (*genre*) scríbhneoireachta ainmnithe i gceart, ní ghlacfar leis na tréithe nó leis na samplaí.

Cineál (*genre*) scríbhneoireachta:

Píosa iriseoireachta; tuairisc; cuntas; insint; plé...

Ag bun Léamhthuisicint B, léirigh na marcanna mar seo:

C 1B (50) =

Suimigh na hiomláin ansin.

Ceist 1A (50) =

Ceist 1B (50) =

Ceist 1 (100) =

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Nóta: I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

Freagair **Ceist 2A** (Prós Ainmnithe) **nó** **Ceist 2B** (Prós Roghnach).

2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* nó ar an dráma *An Lasair Choille*.

Cáca Milis

“Ní duine deas í Catherine sa scannán *Cáca Milis*, rud atá soiléir ón gcaoi a gcaitheann sí le Paul agus iad ar an traein.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

nó

An Lasair Choille

“Tugtar léargas dúinn sa dráma *An Lasair Choille* ar chruachás Shéamais agus ar an tionchar a bhíonn ag Mícil air.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

Treoir: An ráiteas a phlé ag tagairt go mion d’imeachtaí an scannáin / an dráma.

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar eolas as 25 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad iad tréithe an príomhcharachtair (na príomhphearsan) sa scannán? Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar na tréithe sin ó thús deireadh an scannáin.

(30 marc)

Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

Tréithe agus Léiriú (25) =

Gaeilge (5) =

Nóta: Ní mór don iarrthóir plé agus léiriú a dhéanamh ar dhá thréith, ar a laghad, de chuid an phríomhcharachtair. Mura bhfuil ach plé agus léiriú ar thréith amháin de chuid an phríomhcharachtair, marcáil an t-eolas as 14 mharc.

nó

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dráma sin? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dráma.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

Príomhthéama (2) =

Forbairt (23) =

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar eolas as 25 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Tá codarsnacht idir dhá thuiscint dhifriúla ar an bpósadh sa dán *Colscaradh*.”
É sin a phlé. **Eolas = 13 mharc**

Treoir:

An ráiteas seo a phlé ag tagairt don dá thuiscint dhifriúla ar an bpósadh mar a léirítear iad sa dán agus tagairtí cruinne do théacs an dáin mar thacaíocht leis an eolas.

- (ii) Cad é an mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**
Mothúchán a ainmniú = 1 mharc
Pointe **amháin** eolais = 4 mharc

Nóta: Gan tagairt ar bith don mhothúchán a mhúsclaíonn an dán san iarrthóir, marcáil an pointe eolais ar mhothúchán as 4 mharc agus bain -1 den mharc bronnta ar an bhfreagra ag an deireadh. Scríobh “*easnamhach*” in aice leis an marc bainte den eolas.

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile. **Eolas = 7 marc**
Ainm an fhile = 1 mharc
Saol **agus** saothar an fhile = 6 mharc

Trí phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar thrí phointe eolais.

(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile.)

Saol **agus** saothar an fhile = 2 mharc + 2 mharc + 2 mharc = 6 mharc

Nóta: Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar eolas as 25 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin? Déan plé gairid ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. **Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = 2 mharc

Forbairt = 11 mharc

- (ii) Cad é an mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

Mothúchán a ainmniú = 1 mharc

Pointe **amháin** eolais = 4 mharc

Nóta: Gan tagairt ar bith don mhothúchán a mhúsclaíonn an dán san iarrthóir, marcáil an pointe eolais ar mhothúchán as 4 mharc agus bain -1 den mharc bronnta ar an bhfreagra ag an deireadh. Scríobh “*easnamhach*” in aice leis an marc bainte den eolas.

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile.

Eolas = 7 marc

Ainm an fhile = 1 mharc

Saol **agus** saothar an fhile = 6 mharc

Trí phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar thrí phointe eolais.

(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile.)

Saol **agus** saothar an fhile = 2 mharc + 2 mharc + 2 mharc = 6 mharc

Nóta: Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar eolas as 25 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

– LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C D, E nó F) thíos.

Ceist 4A - 4E:

Treoracha :

Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas / tuairimí a léiriú sa fhreagra agus usáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

Ní mór don scrúdaitheoir an mionbhriseadh marcanna seo a léiriú sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =
Gaeilge (5) =

4F. Dánta Breise – Colmáin

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

- (i) Cad é príomhthéama an dáin *Colmáin*, dar leat? Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

Eolas = 19 marc

Príomhthéama an dáin = 2 mharc
Léiriú ar an bpríomhthéama = 17 marc

Tá plé ar an bhforbairt ar an bpríomhthéama mar aon le tagairtí cruinne, téagartha do théacs an dáin ag teastáil sa fhreagra. Ní mór do na hiarrthóirí tuairimí a léiriú agus a phlé i leith an phríomhthéama a roghnaíonn siad agus tagairtí cruinne, cuimsitheacha a dhéanamh do roinnt de na teicnící a úsáidtear sa dán (mar shampla, íomhánna, mothúcháin, pearsanú, friotal...)

- (ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Míniú = 8 marc

- (iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

Eolas = 8 marc

An t-atmaisféar a ainmniú = 2 mharc

Samplaí : Doicheall, easpa saoirse, daoirse, coimhthíos, teannas...

Pointe eolais 1 = 3 mharc
Pointe eolais 2 = 3 mharc

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar eolas as 35 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =
Gaeilge (5) =

Grádú Marcála sna Ceisteanna

N. B. Den bhfíorthábhacht é go mbeifeá ag machnamh i ngráid agus i gcéatadán le linn na marcála. (Féach an scéim ghrádaithe sa Cheapadóireacht ar lgh. 11-13.)

An freagra a ghrádú agus a chéatadánú i d'aigne i dtosach, ansin cinneadh ar an marc.

GRÁD	200	160	100	68	60	56	44	40	35	30	25	22	18
A	170	136	85	58	51	48	38	34	30	26	22	19	16
B	140	112	70	48	42	40	31	28	25	21	18	16	13
C	110	88	55	38	33	31	25	22	20	17	14	13	10
D	80	64	40	28	24	23	18	16	14	12	10	9	8
GRÁD	17	16	14	13	12	11	10	9	8	7	6	5	
A	15	14	12	12	11	10	9	8	7	6	6	5	
B	12	12	10	10	9	8	7	7	6	5	5	4	
C	10	9	8	8	7	7	6	5	5	4	4	3	
D	7	7	6	6	5	5	4	4	4	3	3	2	

Socrúithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socrúithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin.
- Úsáid próiseálaí focal.
- Úsáid scríobhaí.
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach.

Sa Ghaeilge Ardleibhéal ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe (séimhiú, urú, comhaontú aidiachtaí, aiceann fágtha ar lár).

Litriú: I gcás earráidí litrithe, iarrtar ar scrúdaitheoirí gan líne a chur faoi fhocail atá litrithe mícheart ná faoi fhocail a bhfuil síneadh fada ar lár, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail.

Cuirtear **An Scéim Mhodhnaithe Mharcála (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)

Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)

Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe / Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)

Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe / Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)

Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

